Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**7005/24**

**SOC 143**
**EMPL 79**
**JEUN 45**
**EDUC 66**
**SAN 122**
**ECOFIN 261**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta - Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta<br>– Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuairim thuasluaite d'fhonn go bhformhuineofar í ag an seisiún den Chomhairle (EPSCO) an 11 Márta 2024.

**Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**

**Réamhrá**

1. **An 14 Nollaig 2023, d'iarr Airí na Spáinne agus na Beilge – a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh acu idir lár 2023 agus lár 2024 – ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) Tuairim chomhpháirteach a ullmhú maidir leis na tosaíochtaí beartais a bheidh ann amach anseo don Aontas sna réimsí a chumhdaítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.** Déanfar machnamh ar thodhchaí bheartas fostaíochta agus sóisialta an Aontais ag an gComhdháil Ardleibhéil maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a thionólfar in *La Hulpe* an 15-16 Aibreán 2024 agus tá athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta an Cholúin beartaithe do 2025. Sa chomhthéacs sin, ullmhaítear an Tuairim seo don Chomhairle i gcomhréir le hinniúlachtaí na gCoistí, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 150 agus in Airteagal 160 CFAE[1].

2. **Tar éis do Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún é a fhógairt in 2017, bhí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina threoraí chun treoir a thabhairt maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna fostaíochta, scileanna agus shóisialta, agus chun cóineasú a chothú i ndálaí oibre agus maireachtála san Aontas.** Mar a d'athdhearbhaigh Ceannairí an Aontais trí *Dhearbhú Porto* in 2021, is gealltanas agus freagracht pholaitiúil chomhroinnte é cur chun feidhme an Cholúin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar a n-inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta[2]. Tá sé beartaithe 20 prionsabal an Cholúin a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar chomhthéacsanna socheacnamaíocha éagsúla, ar éagsúlacht na gcóras náisiúnta, agus ar ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

---

[1] Gan dochar d'Airteagal 240 CFAE.

[2] Fógraíodh Dearbhú Porto tar éis *Chruinniú Mullaigh Sóisialta Porto* agus tar éis chruinniú gaolmhar Cheannairí an Aontais, a tionóladh an 7 go dtí an 8 Bealtaine 2021.

3. **Sa Phlean Gníomhaíochta a thíolaic an Coimisiún in 2021, leagadh amach roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a gheall an Coimisiún a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme an Cholúin agus bunaíodh príomhspriocanna an Aontais do 2030 ar dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach iad:** (i.) ar a laghad 78 % den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe; (ii.) 60 % ar a laghad de na daoine fásta go léir a bheith páirteach i gcúrsa oiliúna gach bliain; (iii.) agus laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, ar cheart 5 mhilliún díobh ar a laghad a bheith ina leanaí[3]. Thairis sin, mhol an Coimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an Scórchlár Sóisialta – arb é an phríomhuirlis chainníochtúil é ó 2014 i leith chun faireachán a dhéanamh ar an bhfostaíocht, ar scileanna agus ar fhorbairtí sóisialta – chun prionsabail an Cholúin a léiriú ar bhealach níos fearr, agus d'fhormhuinigh an Chomhairle a struchtúr nua i mí an Mheithimh 2021[4]. Chun rannchuidiú le spriocanna an Aontais, le linn 2022, leag na Ballstáit uile spriocanna náisiúnta comhfhreagracha do 2030 amach freisin le tacaíocht ón gCoimisiún[5].

---

3 D'fhoilsigh an Coimisiún Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an 4 Márta 2021. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach príomhspriocanna an Aontais atá iontu sna conclúidí an 24-25 Meitheamh 2021. Sholáthair an Plean Gníomhaíochta spriocanna comhlántacha ar leibhéal an Aontais freisin maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú, soláthar oideachais agus cúraim na luath-óige fhoirmiúil a mhéadú, laghdú a dhéanamh ar an líon NEETanna óga, sciar na daoine fásta ag a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha a ardú agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a ghearradh.

4 Féach Tuairim EMCO-SPC maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 14 Meitheamh 2021.

5 Féach an Tuairim ó EMCO-SPC maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach do 2030, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle an 16 Meitheamh 2022.

## Barúlacha ginearálta

4. **Ó 2017 i leith, is é an Colún creat beartais an Aontais chun treoirlínte coiteanna a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le conas gníomhaíochtaí beartais agus reachtaíocht a mhúnlú ar an leibhéal náisiúnta, lena ndéantar cearta sóisialta a fhíorú agus lena n-áirithítear cothroime iomaíochta ar fud an Aontais.** Agus cineál cuimsitheach an Cholúin á léiriú, thángthas ar chomhaontú maidir le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais ó fógraíodh an Colún, le Moltaí ón gComhairle agus le hionstraimí boga eile atá iomchuí agus éifeachtach chun treoir a chur ar fáil do na Ballstáit sna réimsí beartais faoi seach, agus le Treoracha agus Rialacháin an Aontais a bhfuil tionchar níos dírí acu ar an reachtaíocht náisiúnta. Rinneadh an faireachán ar an gColún a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach, go háirithe trí na Treoirlínte Fostaíochta a ailíniú lena phrionsabail in 2018. Ó shin i leith, leis sin, bhíothas in ann faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Cholúin tríd an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus tríd an Scórchlár Sóisialta thuasluaite, agus rannchuidiú le Moltaí Tírshonracha (CSRanna) maidir le fostaíocht, scileanna agus dúshláin shóisialta a fhoirmliú, de bhun Airteagal 148 CFAE.

5. **Le blianta beaga anuas, bhí sraith géarchéimeanna nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe seo roimh chur chun feidhme an Cholúin, mar shampla paindéim COVID-19, iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an hÚcráin, agus an boilsciú ard.** In ainneoin na rudaí sin, in earrach 2023 bhí ráta fostaíochta an Aontais níos airde ná 75.4 % (70.2 % i gcás na mban agus 80.5 % i gcás na bhfear), thit an dífhostaíocht go 6 % (6.3 % i gcás na mban agus 5.7 % i gcás na bhfear), agus d'fhan sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cobhsaí den chuid is mó idir 2019 agus 2022 (21.6 % in 2022). Sa chomhthéacs sin, thacaigh ionstraimí éigeandála a comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais cosúil leis an t*Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta* (STA)[6] agus an *Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála* (SURE)[7] leis na Ballstáit prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme trí bhearta nithiúla mhargadh an tsaothair agus an bheartais shóisialta chun téarnamh go tapa ón gcor chun donais eacnamaíoch in 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus i gcomhar leis an tsochaí shibhialta.

---

6 Tá tacaíocht á cur ar fáil ag STA do na Ballstáit uile agus beidh sí gníomhach go dtí mí na Nollag 2026. De réir Scórchlár STA, tá thart ar 28 % dá gcistí STA tiomnaithe ag na Ballstáit ar an meán chun tacú le cuspóirí sóisialta.

7 Ar an iomlán, thug SURE tacaíocht do 19 mBallstát go dtí mí na Nollag 2022, go háirithe trí scéimeanna oibre gearr-ama fadréimseacha uaillmhianacha nó bearta comhchosúla a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta. De réir thuarascáil chríochnaitheach chur chun feidhme SURE a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023, i gcomhréir le héabhlóid phaindéim COVID-19, chumhdaigh SURE thart ar 31.5 milliún duine in 2020, 9 milliún duine in 2021, agus 350 000 duine in 2022.

6. **Ag breathnú chun cinn, ba cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an Cholúin a bheith ina phríomhthosaíocht i gcónaí ag an Aontas agus ag na Ballstáit atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ós rud é go leanann prionsabail an Cholúin de bheith ina mbunchlocha chun dul i ngleic le mórthreochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, chun beartais ghaolmhara a mhúnlú, cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn san Aontas - go háirithe le méadú breise ar an Aontas Eorpach ar na bacáin - agus chun tacú leis an dul chun cinn i dtreo spriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta 2030.** Taobh leis na castachtaí a bhaineann leis an aistriú digiteach, trí na prionsabail a chumhdaítear sa Cholún a chur chun feidhme, cuirtear chun cinn ní hamháin cearta oibrithe sa tírdhreach digiteach atá ag athrú ach comhdheiseanna maidir le hathsciliú agus uas-sciliú, dálaí oibre cothroma, agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta leormhaith. I gcomhthéacs an aistrithe ghlais, ba cheart don Cholún a bheith ina threoir chun aistriú cothrom a chothú, lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár agus inbhuanaitheacht chomhshaoil á saothrú. De réir mar a thagann athruithe déimeagrafacha chun cinn, soláthraítear leis an gColún creat cuimsitheach chun beartais a oiriúnú chun aosú gníomhach folláin a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla lucht saothair atá ag athrú agus daonra scothaosta, agus cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine á n-áirithiú ag an am céanna. Chun Aontas an Chomhionannais a thógáil, cuirtear gníomhaíochtaí chun cinn sa Cholún ar mhaithe le comhionannas inscne, comhionannas deiseanna, agus cuimsiú sóisialta. Ós amhlaidh atá, beidh gá le trasuí breise agus cur chun feidhme leordhóthanach mar gheall ar an líon mór tionscnamh de chuid an Aontais a comhaontaíodh ó 2017 i leith, chomh maith le faireachán éifeachtach a dhéanamh ar a n-éifeachtacht leanúnach i bhfianaise geilleagair agus sochaithe a bhíonn ag athrú go tapa, agus, ag an am céanna - nuair is iomchuí - beidh gá díriú ar ualaí riaracháin a laghdú.

**Comhionannas deiseanna agus rochtain ar mhargadh an tsaothair**

7. **Tá beartais náisiúnta fostaíochta agus scileanna á múnlú go héifeachtach leis an gcéad chaibidil den Cholún, rud a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn laistigh de mhargadh saothair an Aontais agus san Aontas i gcoitinne:**

- Is sampla an-dearfach í an Ráthaíocht don Aos Óg (a glacadh ar dtús in 2013 agus ina leagan treisithe ina dhiaidh sin in 2020) de thionscnamh de chuid an Aontais a bhí in ann gníomhaíochtaí nithiúla a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí, chun ionchais mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine óga, rud a chuir le laghdú ar dhífhostaíocht i measc na n-óg (ó 25.2 % in 2013 go 14.5 % in 2022) agus i sciar na NEETanna (ó 16.4 % in 2013 go 11.7 % in 2022) san Aontas[8].

- Ina theannta sin, bhain cláir fostaíochta tairbhe as cur chun feidhme leanúnach *Mholadh 2016 maidir le lánpháirtiú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*, lenar tugadh treoir maidir le for-rochtain a fheabhsú agus seirbhísí fostaíochta a leathnú i dtreo na ndaoine is faide ó mhargadh an tsaothair, rud a chuidigh le dífhostaíocht fhadtéarmach san Aontas a laghdú (ó 4.3 % in 2016 go 2.4 % in 2022)[9].

8 Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le *A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee* [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] agus lena ndéantar ionadú ar an Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le *establishing a Youth Guarantee* [Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú]. Ón gcéad mholadh i leith, rinne EMCO agus a fhoghrúpaí measúnú rialta ar chur chun feidhme na *Ráthaíochta don Aos Óg*. Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí an 20 agus an 21 Samhain 2023 agus formhuineoidh an Chomhairle na *Príomhtheachtaireachtaí* a eascraíonn as sin an 11 Márta 2024.

9 Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le *integration of the long-term unemployed into the labour market* [daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair]. Rinne EMCO agus a fhoghrúpaí faireachán rialta ar a chur chun feidhme. Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí an 14 Samhain 2022. D'fhormhuinigh an Chomhairle na *Príomhtheachtaireachtaí* a tháinig as sin an 8 Nollaig 2022.

- Tá an iliomad gníomhaíochtaí ón g*Clár Oibre Eorpach um Scileanna 2020-2025* ag rannchuidiú le cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus beartais uas-scilithe agus athscilithe a dhearadh sna Ballstáit. I gcásanna áirithe, tar éis Mholtaí 2022 faoi seach, tá sealbhú scileanna agus inniúlachtaí ar an leibhéal náisiúnta á gcur chun cinn trí *chuntais foghlama aonair*[10] a thabhairt isteach nó a chur ar fáil ar bhonn píolótach agus trí *mhicridhintiúir*[11] a aithint. Leis an gClár Oibre um Scileanna, réitíodh an bealach freisin chun an tréimhse idir mí na Bealtaine 2023 agus mí na Bealtaine 2024 a ainmniú mar *Bhliain Eorpach na Scileanna*, faoina bhfuil go leor gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil á n-eagrú chun rannchuidiú le cuspóirí an *Chláir Oibre um Scileanna* agus chun meon athscilithe agus uas-scilithe a chur chun cinn a thuilleadh[12].

- Le déanaí, is léir gur spreagadh é *Moladh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú* chun iarrachtaí ilroinnte na mBallstát a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe fostaíochta agus sóisialta an aistrithe ghlais, lena n-áirítear trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus seirbhísí fostaíochta poiblí a athmhúnlú[13].

---

10 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le *cuntais foghlama aonair*. Déanfaidh EMCO agus a fhoghrúpaí faireachán ar a chur chun feidhme den chéad uair in 2024.

11 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le *cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheachta*.

12 Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le *Bliain Eorpach na Scileanna*. Faoin 31 Bealtaine 2025, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil mheasúnaithe, lena n-áirítear smaointe le haghaidh tuilleadh iarrachtaí comhchoiteanna i réimse na scileanna chun oidhreacht fhadtéarmach Bhliain Eorpach na Scileanna a chruthú.

13 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le *haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú*. Rinne EMCO agus a fhoghrúpaí faireachán ar a chur chun feidhme an 26 go dtí an 27 Deireadh Fómhair agus rinne SPC faireachán air an 24 Deireadh Fómhair 2023, den chéad uair. D'fhormhuinigh an Chomhairle na *Príomhtheachtaireachtaí* a tháinig as sin an 27 Samhain 2023.

- Meastar go rachaidh cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais chun prionsabail an chomhionannais inscne agus an chomhionannais deiseanna a chur chun cinn a thuilleadh chun tairbhe an mhargaidh saothair agus na sochaí i gcoitinne laistigh den Aontas. Go háirithe, cé nár glacadh ach le déanaí í, tá ról suntasach ag *Treoir 2023 maidir le trédhearcacht pá* cheana féin maidir le hiarrachtaí náisiúnta a chur chun cinn chun dul i ngleic le hidirdhealú pá agus rannchuidiú leis na bearnaí pá idir na hinscní a dhúnadh[14].

8. **D'ainneoin na dtorthaí láidre i margadh an tsaothair laistigh den Aontas agus an preagadh maidir le scileanna a chur chun cinn, d'fhéadfadh mórghanntanais saothair, neamhionannais leanúnacha, agus tionchar neamhchinnte an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh bac a chur ar chur chun feidhme iomlán an Cholúin.** Tá méadú ag teacht ar líon na nganntanas le 10 mbliana anuas, agus an ráta folúntas san Aontas ag ardú ó 1.3 % in 2013 go buaic 3 % in 2022, i ndiaidh an téarnaimh eacnamaíoch láidir tar éis phaindéim COVID-19. Cé go raibh laghdú beag tagtha air in 2023, tá ganntanas saothair fós ag leibhéil arda i gcomparáid leis an am atá thart mar gheall ar dhúshláin struchtúracha cosúil leis an laghdú ar an bhfórsa saothair de bharr treochtaí déimeagrafacha, rannpháirtíocht íseal leanúnach roinnt grúpaí daonra i margadh an tsaothair, neamhréireanna scileanna, chomh maith le drochdhálaí oibre agus/nó pá íseal in earnálacha áirithe[15]. Tá na bearnaí fostaíochta agus pá idir na hinscní fós suntasach san Aontas, agus easpa dul chun cinn suntasach á dhéanamh i dtaobh na mbearnaí fostaíochta le 10 mbliana anuas (gan ach laghdú beag ó 11.3pc go 10.7pc idir 2013 go dtí 2022) agus chuaigh sé in olcas a thuilleadh mar gheall ar an sciar oibre páirtaimseartha i measc na mban a bheith ag éirí níos airde i gcónaí, de bharr rochtain theoranta ar sheirbhísí cúraim ardcháilíochta freisin. Anuas ar na dúshláin struchtúracha sin, tá an chuma ar an scéal go spreagfaidh claochlú glas agus digiteach gheilleagar an Aontais ath-leithdháileadh suntasach saothair agus riachtanais uas-scilithe sna blianta atá le teacht, cé go bhfuil an scála agus an phráinn ina leith sin éiginnte i gcónaí.

---

[14] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun *cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe*. Déanfaidh na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoi mhí an Mheithimh 2026.

[15] Pléadh go domhain ganntanais lucht saothair, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis sin, laistigh de EMCO idir 2022 agus 2023, lena n-áirítear le linn cruinniú trípháirteach EMCO leis an Aontas agus na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta a tionóladh an 28 Samhain 2023. Tá an fhianaise is déanaí ar fáil i d*Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024* agus in 2023 *Labour Market and Wage Developments report* [tuarascáil 2023 maidir le Forbairtí ar Mhargadh an tSaothair agus ar an bPá] ón gCoimisiún.

9. **D'ainneoin an ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí dhíriú ar chur chun feidhme na dtionscnamh atá ann cheana, d'fhéadfadh an tAontas gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit prionsabail an chomhionannais deiseanna agus na rochtana ar an margadh saothair a chomhlíonadh.** Mar shampla, i bhfianaise na nganntanas forleathan lucht saothair[16] agus na neamhréire scileanna a bhfuil tionchar acu ar na Ballstáit uile – agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na bprionsabal sin sa Mhargadh Aonair a éascú, lena n-áirítear chun tacú leis an dá aistriú – tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí lena gcuirtear meon na foghlama ar feadh an tsaoil chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, is ábhartha an taithí dhearfach a fuarthas thar thréimhse 10 mbliana tríd an *Ráthaíocht don Aos Óg* agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an *Moladh nua ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt*[17] chun fiosrú a dhéanamh faoin tslí ar féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh siúd is faide amach ón margadh saothair chun deiseanna fostaíochta a aimsiú. Thairis sin, anuas ar an lucht saothair intíre a ghníomhachtú, chun tuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, d'fhéadfaí díospóireachtaí ar leibhéal an Aontais a dhíriú ar lánpháirtiú leanúnach daoine easáitithe ón Úcráin[18], ar dheiseanna chun soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a éascú, agus ar thionscnaimh chun tallann eachtrach a mhealladh chuig an Aontas de réir mar is gá agus soghluaisteacht chothrom á háirithiú agus cearta saothair agus sóisialta á gcosaint ag an am céanna[19]. Ar deireadh, ós rud é go dtiocfaidh deireadh leis an g*Clár Oibre Eorpach um Scileanna*, *Straitéis an Aontais um Chomhionannas Inscne* agus straitéisí comhionannais eile de chuid an Aontais in 2025, is mithid machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach leo agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le straitéisí nua chun an t-aistriú i dtreo na foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, creataí an Aontais i gcoinne an idirdhealaithe agus an chiníochais a thabhairt chun críche, agus comhionannas inscne a bhaint amach.

---

16 An 31 Eanáir 2024, tar éis Chruinniú Mullaigh Sóisialta Val Duchesse, d'fhógair an Coimisiún go dtíolacfaidh sé plean gníomhaíochta in earrach 2024 i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna.

17 Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le *creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt.*

18 An 4 Márta 2021, chuir an Chomhairle *Treoir ón gComhairle an 20 Iúil 2021* ('*an Treoir um Chosaint Shealadach*') i ngníomh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá forálacha sa Treoir lena n-áirithítear rochtain ar fhostaíocht, oideachas, leas sóisialta, cúram leighis agus tithíocht, i measc rudaí eile, chomh maith leis an gceart chun gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas faoi choinníollacha áirithe. I mí Mheán Fómhair 2023, chomhaontaigh an Chomhairle síneadh a chur leis an gcosaint shealadach, a bhí bailí ar dtús go dtí mí an Mhárta 2024, go dtí an 4 Márta 2025. De réir *Réamhaisnéis an Fhómhair* ón gCoimisiún don bhliain 2023, tá tuairim is 33 % den 4.2 milliún duine a cláraíodh san Aontas faoin Treoir tar éis fostaíocht a fháil go dtí seo. In 2022, rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta comhordú ar fhreagraí na mBallstát ar shuirbhé a sheol an Coimisiún maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le lánpháirtiú sóisialta daoine easáitithe ón Úcráin agus lena n-imeascadh i margadh an tsaothair.

19 An 15 Samhain 2023, mhol an Coimisiún Rialachán de chuid an Aontais lena mbunaítear *Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh*. Tá an togra á scrúdú faoi láthair ag na comhreachtóirí.

**Dálaí córa oibre**

10. **Saintréith de chur chun feidhme an dara caibidil is ea meascán d'ionstraimí crua agus boga lena gcuirtear dálaí córa oibre chun cinn sna Ballstáit:**

- Is é is aidhm don *Treoir maidir le Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha*, a glacadh in 2019, cearta a ráthú do gach oibrí san Aontas faisnéis iomlán a fháil maidir le bunghnéithe dá gcuid oibre, gan beann ar an gcineál fostaíochta[20].

- Is é is aidhm don *Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil do Thuismitheoirí agus do Chúramóirí*, a glacadh in 2019, creat dlíthiúil an Aontais a nuachóiriú i réimse na saoire teaghlaigh agus na socruithe solúbtha oibre. Áiríodh inti forálacha dlíthiúla lenar tugadh isteach saoire atharthachta, lenar neartaíodh saoire tuismitheora, lenar tugadh isteach saoire cúramóirí, agus lena leathnaítear an ceart chun socruithe solúbtha oibre a iarraidh do thuismitheoirí agus cúramóirí atá ag obair. Ina theannta sin, bhí bearta beartais sa Treoir freisin a ceapadh chun tacú leis na Ballstáit cothromaíocht oibre is saoil níos fearr agus dáileadh níos cothroime freagrachtaí cúraim a bhaint amach[21].

---

**20** Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le *dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach*. Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoi mhí Lúnasa 2022. Ullmhaíodh tuarascáil maidir lena trasuí in 2021.

**21** Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le *cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí* agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle. Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoi mhí Lúnasa 2022.

- Is é atá i gceist le *Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027* straitéis an Aontais chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe a fheabhsú, agus tá sé bunaithe freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19. Is é is aidhm don Chreat aghaidh a thabhairt ar athruithe i saol na hoibre, feabhas a chur ar an gcosc ar thionóiscí san ionad oibre, agus an ullmhacht do ghéarchéimeanna sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mhéadú, agus tá ról lárnach aige maidir le nuashonruithe ar na creataí dlíthiúla sna Ballstáit a chomhordú, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta i gcás inarb ábhartha[22].

- Is é is aidhm don *Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach*, a glacadh in 2022, creat comhchoiteann a bhunú maidir le leordhóthanacht an phá íosta reachtúil, cómhargáil maidir le socrú pá a chur chun cinn agus rochtain éifeachtach oibrithe ar chearta i ndáil le cosaint pá íosta a áirithiú, gan dochar d'urramú iomlán neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta. Leis an Treoir, bunaítear creat rialachais chun pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú de réir critéir shoiléire lena n-áireofar cumhacht cheannaigh an phá, dáileadh agus leibhéil phá, fás pá agus táirgiúlacht, agus ceanglaítear ar na Ballstáit inar lú an ráta cómhargála ná 80 % plean gníomhaíochta a bhunú chun an chómhargáil a chur chun cinn[23].

---

22 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *'EU strategic framework on health and safety at work 2021- 2027 – Occupational safety and health in a changing world of work' [Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021- 2027 – Sábháilteacht agus sláinte cheirde i ndomhan athraitheach oibre]*, an 28 Meitheamh 2021.

23 Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le *pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach*. Déanfaidh na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoi mhí na Samhna 2024. Ullmhaíodh tuarascáil maidir lena trasuí in 2023.

- Is é is aidhm don ionstraim is déanaí a glacadh in 2023, an *Moladh maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú*, *inter alia*, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a threisiú ar an leibhéal náisiúnta[24]. Comhlánaíonn an Moladh na hiarrachtaí athnuaite arna ndéanamh chun feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais[25], chomh maith le cistiú tiomnaithe an Aontais ó *Chiste Sóisialta na hEorpa Plus* (CSE+) chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta sna Ballstáit i gcás inar dúshlán mór é sin[26].

11. **Cé gur chuir na tionscnaimh sin leis an gcothroime iomaíochta ar fud an Aontais, is príomhthosaíochtaí beartais i gcónaí iad measúnú a dhéanamh ar thionchar forbairtí gasta teicneolaíochta ar dhálaí oibre agus teacht chun cinn rioscaí ceirde nua a bhaineann leis an athrú aeráide**. Go deimhin, d'ainneoin na ndeiseanna a eascraíonn as dul chun cinn teicneolaíoch, tá éiginnteacht ann i gcónaí maidir le forleathnú céimnitheach na hoibre ardáin, na hintleachta saorga agus bhainistiú algartamach dhinimic an ionaid oibre. Mar a tharla le blianta beaga anuas, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint leis na héiginnteachtaí sin i gcónaí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm cuí na ndlíthe saothair náisiúnta, go háirithe i réimsí ar nós am oibre, cothromaíocht oibre is saoil, leithdháileadh cúraimí agus stádas fostaíochta oibrithe áirithe a aicmiú. Maidir le sláinte agus sábháilteacht, agus na rialacháin agus na creataí ábhartha á n-oiriúnú a thuilleadh, d'fhéadfadh sé gur ghá na rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha ar mheabhairshláinte, agus guaiseacha sonracha a eascraíonn as an athrú aeráide (i gcás poist a bhaineann le nochtadh do dhálaí adhaimsire) a ionchorprú ar bhealach níos fearr trína gcosc a spreagadh, chomh maith le dlús a chur le socrú caighdeán íosta maidir le substaintí guaiseacha.

---

24 Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis *an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach*. Is é an Coiste Fostaíochta – i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta – a dhéanfaidh faireachán ar a chur chun feidhme ó 2025, tráth a bheidh an chéad tuairisciú le cur isteach ag na Ballstáit.

25 Arna mionsonrú sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach – leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe a bhainistiú*, an 25 Eanáir 2023.

26 Féach Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear *Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)* agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013. Tugtar le fios in Airteagal 9, i gcás ina ndéantar fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe a shainaithint le moladh tírshonrach ábhartha arna ghlacadh faoin Seimeastar Eorpach, go leithdháilfidh an Ballstát lena mbaineann 0.25 % dá acmhainní ón tsraith CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte chun na críche sin.

12. **I dteannta na n-oiriúnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí féideartha go rachadh dálaí oibre in olcas, d'fhéadfadh gá a bheith le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, urraim iomlán do shamhlacha náisiúnta de mhargadh an tsaothair, rannpháirtíocht threisithe na gcomhpháirtithe agus sásraí forfheidhmithe níos éifeachtaí.** Chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na rioscaí a bhaineann le saol na hoibre a dhigiteáil a thuilleadh, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir le *Gníomh um an Intleacht Shaorga* i mí Feabhra 2024. Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mór reachtaíocht an Aontais a thabhairt cothrom le dáta[27] chun a fhorálacha a ailíniú níos fearr leis an ré dhigiteach, cuir i gcás an ceart chun dícheangail agus dálaí oibre san obair ardáin. Le tionscnaimh chun feabhas a chur ar an gcumas calaois agus mí-úsáid a bhrath, chomh maith le hacmhainneacht agus comhar trasteorann cigireachtaí saothair náisiúnta, féadfar rannchuidiú freisin le dálaí oibre a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear i ndáil le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a chothú ar fud an Aontais. I ndáil leis an méid sin, is deis í an mheastóireacht atá le déanamh go luath ar an Údarás Eorpach Saothair chun machnamh a dhéanamh ar an bhforbairt bhreise atá le déanamh air[28]. Maidir leis an idirphlé sóisialta, féachtar i *Moladh* 2023 le timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta déphháirteach agus trípháirteach ar gach leibhéal. Mar sin féin, i ngeall ar na treochtaí íslitheacha i dtaobh dhlús na gceardchumann, sciar íseal na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna i bhformhór na mBallstát, an sciar tuarastail atá ag dul i laghad, chomh maith leis an easpa leanúnach comhaontuithe ar leibhéal an Aontais idir comhpháirtithe sóisialta an Aontais, d'fhéadfadh gá a bheith le hiarrachtaí breise i leith an mhéid sin[29]. Tá sé fíor-riachtanach rannpháirtíocht na bhfostaithe agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú chun an ról gníomhach a mhéadú maidir leis na haistrithe móra atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhainistiú agus a ghlacadh. Sa chomhthéacs sin, *inter alia*, féadfar féachaint an bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais lena bhfeabhsaítear ionadaíocht na gcatagóirí tearcionadaithe san idirphlé sóisialta i gcomhréir le cleachtais náisiúnta.

---

27 Cuir i gcás Treoir 2003/88/CE an 4 Samhain 2003 *a bhaineann le gnéithe áirithe i ndáil le heagrú ama oibre* agus Treoir 2002/14/CE an 11 Márta 2002 *lena mbunaítear creat ginearálta maidir le fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo*.

28 Bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair an 20 Meitheamh 2019 chun cuidiú leis na Ballstáit agus an Coimisiún dlí an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus na córais slándála sóisialta san Aontas a chomhordú. In 2024, cuirfidh an Coimisiún an chéad mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí an Údaráis Eorpaigh Saothair i láthair.

29 I ndiaidh Chruinniú Mullaigh Sóisialta Val Duchesse, an 31 Eanáir 2024 chomhaontaigh an Coimisiún, Uachtaránacht na Beilge ar an gComhairle agus na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha *Comhshocrú nua um Idirphlé Sóisialta Eorpach* a sheoladh chun a shainaithint conas is féidir an t-idirphlé sóisialta a threisiú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais.

### Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta

13. **Bhí an tríú caibidil den Cholún mar thaca le beartais lena neartaítear cosaint shóisialta leormhaith agus lena bhfeabhsaítear cuimsiú sóisialta trí mholtaí éagsúla ón gComhairle agus trí thionscnaimh thábhachtacha eile darb aidhm daoine a chosaint agus a chumhachtú chun cásanna leochaileacha éagsúla a bhainistiú.**

- Is tionscnamh barrthábhachtach é an *Moladh ón gComhairle maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí*[30], a foilsíodh in 2021, chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus comhionannas deiseanna a chothú, creat a leagan síos le haghaidh athchóirithe beartais agus chun an t-eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac ó ghlúin go glúin agus ó aois óg trí rochtain éifeachtach agus saor in aisce a áirithiú do leanaí a bhfuil seirbhísí éagsúla de dhíth orthu, mar shampla oideachas agus cúram luath-óige, oideachas agus gníomhaíochtaí scoile, béile sláintiúil amháin ar a laghad gach lá scoile, agus cúram sláinte. Tacaíodh lena chur chun feidhme trí bhíthin infheistíochtaí agus leithdháileadh acmhainní imfhálaithe an Aontais i gcomhar le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais a bhaineann le leanaí, cuir i gcás an *Moladh ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar spriocanna Barcelona um oideachas agus cúram na luath-óige*[31], a foilsíodh in 2022, lena leagtar síos spriocanna nua (méadaithe) do 2030.

- Bhí tionchar láidir lárnach ag an *Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta agus do dhaoine féinfhostaithe*[32], a foilsíodh in 2019, maidir le beartais agus bearta náisiúnta a chur in oiriúint d'athruithe ar na margaí saothair agus chun rochtain ar chosaint shóisialta a áirithiú do chách, gan beann ar stádas fostaíochta. Tacaítear le cur chun feidhme an tionscnaimh trí ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí ar leibhéal an Aontais agus trí fheabhas a chur ar staidreamh an Aontais trí chreat tiomnaithe faireacháin.

---

30 Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 *lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí*.

31 Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le *hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030*.

32 Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le *rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe*.

- I *Moladh 2023 ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach, lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach*[33], iarrtar ar na Ballstáit tacaíocht leordhóthanach ioncaim a chur chun cinn mar chuid den ghealltanas leanúnach chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú san Aontas. Tá sé ag treorú gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar leordhóthanacht, cumhdach agus glacadh sochar in éineacht le rochtain níos fearr ar sheirbhísí bunriachtanacha agus cumasúcháin dóibh siúd is faide ó mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear bearta bheartas gníomhach mhargadh an tsaothair agus seirbhísí sóisialta spriocdhírithe agus pearsantaithe.

- Cuireann *straitéis cúraim na hEorpa* 2022[34], leis an *moladh comhfhreagrach ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán*[35], creat ar fáil le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana a áirithiú ar fud an Aontais agus chun feabhas a chur ar an staid dóibh siúd a fhaigheann an cúram agus do na daoine a thugann an cúram dóibh. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach, iarrtar ar na Ballstáit feabhas a chur ar an rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán dóibh siúd uile a bhfuil gá acu leis, trí chosaint shóisialta leordhóthanach a áirithiú le haghaidh cúram fadtéarmach, trí sholáthar seirbhísí a ailíniú go leanúnach leis na riachtanais, trí chaighdeáin ardcháilíochta a áirithiú i ngach suíomh cúraim gan beann ar an gcineál soláthraithe, trí thacú le fostaíocht ardcháilíochta agus le dálaí oibre cothroma san earnáil, trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus ar ghanntanas oibrithe, agus trí thacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla ina ngníomhaíochtaí cúraim.

---

33 Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le *hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach*.

34 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis '*an straitéis Eorpach um chúram*', an 7 Meán Fómhair 2022.

35 Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le *rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán*.

- I *Straitéis 2021 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030*[36], tá tacar gníomhaíochtaí agus tionscnamh suaitheanta uaillmhianach i réimsí éagsúla, lena dtugtar aghaidh freisin ar na rioscaí a bhaineann le heisiamh sóisialta a mbíonn daoine faoi il-mhíchumas thíos leis. Trí na tionscnaimh sin a chur i gcrích, cuideofar leis an idirdhealú a laghdú, tacófar le daoine faoi mhíchumas leas iomlán a bhaint as a gcearta sóisialta, agus cuirfear ar a gcumas dóibh a neamhspleáchas a chur chun cinn, rud a fheabhsóidh a rannpháirtíocht sa tsochaí agus i margadh an tsaothair. Tacóidh an *Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas*[37], atá beartaithe le déanaí, lena gcuimsiú sóisialta ar fud an Aontais.

36 Teachtaireacht ón gCoimisiún '*Aontas an Chomhionannais:Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030*', an 3 Márta 2021.

37 COM/2023/512 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas*.

- Rannchuidíonn gníomhaíochtaí eile ar leibhéal an Aontais le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí beartais i gcomhréir leis na treoirlínte fostaíochta agus spreagann siad athchóirithe beartas, ar nós na *Tuarascála maidir le Leordhóthanacht Pinsean*[38] *agus na Tuarascála ar Chúram Fadtéarmach*[39] a sheachadadh go rialta, lena n-éascaítear malartú faisnéise agus cleachtas agus lena gcomhlánaítear an Tuarascáil maidir le hAosú, a chuir comhlachtaí ullmhúcháin ECOFIN ar fáil. Tá ról lárnach ar leibhéal an Aontais ag an *Ardán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac*[40]a seoladh in 2021 chun fianaise maidir le heaspa dídine a neartú agus faireachán a dhéanamh uirthi, chun tacú leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach ionas go gcuirfear beartais chun cinn a bhfuil cur chuige comhtháite duinelárnach atá bunaithe ar thithíocht mar bhonn leo, agus chun féachaint ar rochtain ar mhaoiniú, lena n-áirítear cistiú ón Aontas. Go ginearálta, tá ról tábhachtach ag baint le seirbhísí cumasúcháin sna córais leasa shóisialta a sholáthar, rud a chomhlánaíonn sochair éagsúla, mar a mheabhraítear i ngach tionscnamh. Ina theannta sin, sa *Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar dáileacháin atá ag beartais na mBallstát*[41], tugtar treoir do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun measúnuithe tionchair dáileacháin a dhéanamh ar ioncam grúpaí socheacnamaíocha éagsúla agus iad a ionchorprú ina bpróisis ceaptha beartas agus leagtar amach inti próiseas chun na modheolaíochtaí atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh i gcomhar leis na Ballstáit.

---

38 An t-eagrán is déanaí in 2021 den Tuarascáil thríbhliantúil maidir le Leordhóthanacht Pinsean.

39 *2021 Long-Term Care Report* [Tuarascáil 2021 ar Chúram Fadtéarmach], a d'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Shóisialta go comhpháirteach.

40 Dearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac, an 21 Meitheamh 2021.

41 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le '*Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát*', an 28 Meán Fómhair 2022.

14. **Cé gur fhan an bhochtaineacht cobhsaí gan feabhas suntasach ar an meán agus gur tháinig méadú beag ar bhochtaineacht leanaí, tagann dúshláin bhreise chun cinn mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha, ar chlaochluithe i margadh an tsaothair, ar an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, agus ar an gcostas maireachtála atá ag dul i méid.** Tugtar dúshlán d'inbhuanaitheacht an stáit leasa mar gheall ar mhórthreochtaí déimeagrafacha leanúnacha sa tsochaí atá ag dul in aois, agus is gá, dá bhrí sin, cothromaíocht a bhaint amach idir leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht, lena n-áirítear i gcórais na bpinsean, na sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh. Mar thoradh ar chlaochluithe i margadh an tsaothair, as a dtagann gairmeacha níos éagsúla, níos neamhlíneacha agus níos neamhleanúnaí, nach mbíonn ag teacht le socruithe oibre caighdeánacha, tá dúshláin mhéadaithe ann maidir le cosaint shóisialta leordhóthanach a ráthú do chách. Is deiseanna iad na claochluithe glasa agus digiteacha chun feabhas a chur ar an gcosaint shóisialta agus ar sholáthar na seirbhísí sóisialta ach méadaíonn siad an baol freisin atá ann do dhaoine i staideanna leochaileacha a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus cuimsiú sóisialta. Tá dúshláin struchtúracha fós ann i ndáil leis an mbochtaineacht agus neamhbhuaine na ndaoine atá i staideanna leochaileacha a chomhrac, go háirithe maidir le cuimsiú daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Is saincheist go fóill í an easpa dídine i roinnt mhaith Ballstát, mar aon le dúshláin a bhaineann le hinacmhainneacht tithíochta, bochtaineacht fuinnimh agus an costas ard maireachtála a mbíonn tionchar aige ar raon leathan daoine, ach iad siúd ar ioncam íseal den chuid is mó, agus iarrtar straitéisí comhtháite agus obair leantach ar leibhéal an Aontais. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí tacú le teaghlaigh agus leanaí a chosaint ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta chun tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a bhriseadh, agus dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an *Ráthaíocht Eorpach do Leanaí* a chur chun feidhme tuilleadh agus chun faireachán breise a dhéanamh uirthi. Cé go bhfuil rochtain ar sheirbhísí sóisialta (lena n-áirítear cúram leanaí agus cúram fadtéarmach) ríthábhachtach chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta, tá dúshláin fós ann sa chiall sin, go háirithe maidir le teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste chun a ndálaí maireachtála a fheabhsú, cabhrú le níos mó daoine sna grúpaí sin rochtain a fháil ar shochair cosanta sóisialta agus gníomhachtú a éascú dóibh. Ar an gcaoi chéanna, bíonn deacrachtaí ag daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha.

15. **Cé go n-iarrtar leis an réimse leathan tionscnamh atá ann cheana go ndéanfaí obair leantach agus faireachán críochnúil, d'fhéadfadh tuilleadh iarrachtaí chun iad a chur chun feidhme, in éineacht le gníomhaíochtaí féideartha nua, athléimneacht na stát leasa a fheabhsú.** Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, d'fhéadfadh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais cuidiú le tuilleadh feabhais a chur ar sholáthar seirbhísí sóisialta inacmhainne ardcháilíochta, agus comhthéacsanna náisiúnta mar aon le roinnt na n-inniúlachtaí á gcur san áireamh ag an am céanna. D'fhéadfaí a áireamh leis sin aghaidh a thabhairt ar riachtanais an lucht saothair in earnáil an chúraim, neamhionannais chríochacha a chur san áireamh, deiseanna sa digiteáil a fhiosrú, agus iarrachtaí chun dí-institiúidiú a dhéanamh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an g*Creat Deonach Eorpach um Cháilíocht na Seirbhísí Sóisialta* chun feabhas a chur ar a ábharthacht agus a úsáid, mar aon le tuilleadh oibre maidir le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha freisin chun feabhas a chur ar leordhóthanacht na gcóras pinsean, go háirithe chun dul i ngleic leis an mbearna idir na hinscní agus chun gnéithe na leordhóthanachta agus na hinbhuanaitheachta fioscaí a réiteach. Le comhordú neartaithe idir sheachadadh *na Tuarascála maidir le hAosú*, *na Tuarascála maidir le Leordhóthanacht Pinsean* agus *na Tuarascála ar Chúram Fadtéarmach*, d'áiritheofaí comhlántacht agus comhleanúnachas an fhaireacháin. I gcomhréir leis an *Tuarascáil ó ghrúpa ardleibhéil an Aontais maidir le todhchaí na cosanta sóisialta*, d'fhéadfaí tacú le hathléimneacht a fheabhsú ar fud an Aontais trí bhéim a chur ar an gcur chuige saolré agus ar an infheistíocht shóisialta[42]. Chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le claochluithe i margadh an tsaothair, ní mór feabhas leanúnach a chur ar chórais cosanta sóisialta náisiúnta leordhóthanacha agus comhordú na gcóras slándála sóisialta san Aontas a nuachóiriú. Dá bhrí sin, is príomhthosaíochtaí iad an fhoghlaim fhrithpháirteach agus an faireachán a threisiú, mar aon le tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an *Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe*, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le deiseanna agus dúshláin na digiteála sa chosaint shóisialta, agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta cosanta sóisialta á hurramú ag an am céanna. Ina theannta sin, ba cheart ról a bheith ag cur chun feidhme an *Mholta ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach* i bhforbairt bhreise a dhéanamh ar an líontán sábhála sóisialta lena n-áirithítear cosaint bhunúsach an daonra ghníomhaigh – go háirithe le linn turraingí eacnamaíocha – agus ag an am céanna aistrithe rianúla chuig margadh an tsaothair a éascú dóibh siúd ar féidir leo obair a dhéanamh agus dul i ngleic le bochtaineacht lucht oibre.

---

42 Tugadh tuarascáil an ghrúpa ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa in AE chun críche i mí Eanáir 2023.

Ba cheart céimeanna breise a ghlacadh chun an dara céim uaillmhianach den *Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas* a fhorbairt, agus i gcás daoine a bhfuil saincheisteanna meabhairshláinte acu, d'fhéadfaimis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an g*Cur Chuige Cuimsitheach i leith na Meabhairshláinte*. Is cosúil gur réimse ina bhféadfaí tuilleadh gníomhaíochta a fhiosrú is ea an réimse ina neartaítear modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas ar an mbochtaineacht, go háirithe úsáid agus scaipeadh measúnuithe ar thionchar dáileach. Ach tráthúlacht agus infhaighteacht sonraí a fheabhsú agus rochtain a éascú, d'fhéadfaí an faireachán ar an staid shóisialta san Aontas a neartú agus tacú le forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise.

**Rialachas**

16. **Ba cheart don Seimeastar Eorpach leanúint de bheith ar an bpríomhchreat chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Cholúin, lena n-áirítear i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 agus i dtreo spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta**. Tá spriocanna 2030 ag rannchuidiú go suntasach le tacaíocht a thabhairt do thosaíochtaí beartais a shainaithint ar an leibhéal náisiúnta agus le hinfheictheacht ghné shóisialta an Aontais a fheabhsú. Maidir leis an iliomad tionscnamh de chuid an Aontais a glacadh le blianta beaga anuas chun prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme, bhí tionchar suntasach acu sin ar chlár oibre EMCO agus SPC, a ndeachthas i gcomhairle leo go minic maidir le tograí a bhí, agus atá, le teacht ón gCoimisiún. Thairis sin, chuir an Chomhairle de chúram ar EMCO agus SPC faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme roinnt moltaí, chomh maith le hullmhú imeachtaí bliantúla na Comhairle a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 148 CFAE. Ag breathnú chun cinn, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa *Tuairim ó EMCO-SPC maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh*, a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí na Samhna 2023[43], tá sé tábhachtach comhar éifeachtach agus machnamh comhpháirteach a áirithiú idir comhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO agus ECOFIN maidir leis an Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear i bhfianaise chur chun feidhme rialachas eacnamaíoch nua an Aontais amach anseo.

43 Féach an Tuairim ó EMCO-SPC maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 28 Samhain 2023.

Chun cineál iltaobhach an tSeimeastair Eorpaigh agus úinéireacht na mBallstát ar an anailís agus ar na moltaí ann a chaomhnú, ba cheart do chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO, de réir fhorálacha ábhartha an Chonartha, a ról comhordúcháin a choinneáil i ndáil le hábhar ábhartha na ndoiciméad uile laistigh de chreat an tSeimeastair. Ba cheart leanúint d'fheabhas a chur ar na huirlisí faireacháin a úsáidtear laistigh den Seimeastar, lena n-áirítear an Scórchlár Sóisialta, gan an t-ualach riaracháin a mhéadú[44]. Sa chomhthéacs sin, áirítear i dtimthriall 2024 den Seimeastar Eorpach anailís phíolótach ar chóineasú sóisialta bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, mar a thuairiscítear i *bpríomhtheachtaireachtaí* EMCO-SPC a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i mí an Mheithimh 2023[45].

17. **Maidir leis na suaití eisceachtúla a raibh ar an Aontas aghaidh a thabhairt orthu le blianta beaga anuas – go háirithe paindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, filleadh an bhoilscithe ard agus suntasacht tubaistí nádúrtha i roinnt Ballstát – is minic go raibh baint acu sin le níos mó ná réimse beartais amháin, lena meabhraítear nár mhór comhtháthú beartais a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta**.

---

44 Mar a leagtar amach i dTuairim chomhfhreagrach ó EMCO-SPC, cé gur chuir athbhreithniú 2021 ar an Scórchlár Sóisialta feabhas ar chumhdach phrionsabail an Cholúin i measc phríomhtháscairí an Scórchláir, ní mór roinnt prionsabal a nochtadh go fóill agus ní mór tuilleadh plé a dhéanamh maidir lenar cheart táscairí 'tánaisteacha' a chur san áireamh. Thairis sin, i measúnú EMCO-SPC ar Straitéis Eoraip 2020 a rinneadh in 2019, leag na Coistí béim ar an ngá atá lena n-uirlisí faireacháin a shimpliú agus a chomhdhlúthú, lena n-áirítear trína n-infheictheacht, a n-inrochtaineacht agus a n-inúsáidteacht a fheabhsú. Mar fhreagairt ar an nglao sin, tá grúpaí táscairí EMCO agus SPC ag machnamh faoi láthair ar úsáid agus ar chomhdhéanamh a n-uirlisí faireacháin agus tuairiscithe.

45 Féach an Tuarascáil ó Mheitheal EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta chomh maith leis na *príomhtheachtaireachtaí* a d'fhormhuinigh EMCO-SPC bunaithe ar an tuarascáil. Scrúdóidh EMCO agus SPC tionchar na hanailíse píolótaí thuasluaite ar a ngníomhaíochtaí agus ar thimthriall 2024 den Seimeastar Eorpach.

Sa chomhthéacs sin, sna díospóireachtaí atá ar siúl faoi láthair ag comhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO maidir le breisluach na mbeartas infheistíochta sóisialta – mar a shainítear sa Tuairim ó EMCO-SPC ó mhí na Samhna 2023 – ba dhíol sásaimh í an fhianaise lena léirítear, má dheartar athchóirithe agus infheistíochtaí atá bunaithe ar chur chuige infheistíochta sóisialta[46] ar bhealach maith, d'fhéadfadh sé sin tionchar suntasach a bheith aige ar an bhfás eacnamaíoch, ar an táirgiúlacht agus ar an iomaíochas, agus, ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí tacú freisin leis an inbhuanaitheacht fhioscach agus cur chun feidhme phrionsabail an Cholúin á chur chun cinn ag an am céanna. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh éifeachtaí beaga nó nialasacha, nó, sna cásanna is measa, éifeachtaí díobhálacha ar ioncaim teaghlaigh, a bheith mar thoradh ar bheartais agus bearta nach bhfuil measúnuithe tionchair dáileacháin *ex ante* acu, agus d'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith i gceist leo mar gheall ar rioscaí bochtaineachta agus éagothromaíochtaí sóisialta méadaithe[47]. Sa chomhthéacs sin, tá comhar éifeachtach ar fud chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ríthábhachtach chun comhleanúnachas beartais a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Thairis sin, d'fhéadfadh gá a bheith le hiarrachtaí athnuaite chun feabhas a chur ar cheapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise chun na héifeachtaí sin a léiriú, i bhfianaise na ndúshlán struchtúrach a eascraíonn as an aistriú glas, as an aistriú digiteach agus as aosú an daonra. Go háirithe, sa bhreis ar dheiseanna foghlama frithpháirtí feabhsaithe, d'fhéadfadh forbairt treoirphrionsabal agus caighdeán comhchoiteann le haghaidh úsáid dheonach na mBallstát a bheith san áireamh i réimsí ábhartha scrúdaithe ag leibhéal an Aontais chun tacú le hacmhainneacht riaracháin na mBallstát i leith na n-iarrachtaí athnuaite sin. Ba cheart dóibh sin díriú ar úsáid a bhaint as measúnú tionchair agus modheolaíochtaí meastóireachta a bhaineann le beartais infheistíochta sóisialta agus úsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí riaracháin chun staidreamh an Aontais agus staidreamh náisiúnta atá níos tráthúla, comhchuibhithe agus mionsonraithe a thiomsú, le dí-chomhiomlánú níos fearr, agus chun rochtain ar mhicreasonraí a éascú agus comhlíonadh na rialachán maidir le cosaint sonraí á áirithiú ag an am céanna.

---

**46** Mar a meabhraíodh in *Tuairim EMCO-SPC maidir leis an infheistíocht shóisialta* a formhuiníodh i mí na Samhna 2023, in obair a rinne an Chomhairle roimhe seo – a d'fhéadfaí a fhorbairt a thuilleadh – sainaithníodh gurb é cur chuige na hinfheistíochta sóisialta beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta a cheapadh chun feabhas a chur ar chumais reatha daoine aonair agus ar a gcumais amach anseo, agus béim ar leith á leagan ar acmhainneacht na ndaoine sin aghaidh a thabhairt ar rioscaí socheacnamaíocha agus an cumas sin a fhorbairt feadh an tsaoil.

**47** I mí Mheán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát. Tugtar treoir sa Teachtaireacht sin do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun measúnuithe tionchair dáileacháin a dhéanamh ar ioncam grúpaí socheacnamaíocha éagsúla agus iad a ionchorprú ina bpróisis ceaptha beartas. Leagtar amach ann próisis chun na modheolaíochtaí atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh i gcomhar leis na Ballstáit agus cuirtear i láthair ann an tacaíocht is féidir leis an gCoimisiún a chur ar fáil do na Ballstáit.

18. **Le húsáid chistí an Aontais, tugadh tacaíocht do na Ballstáit bearta a phleanáil agus a chur chun feidhme i réimsí a bhaineann le prionsabail an Cholúin, lena n-áirítear i ndiaidh na géarchéime eacnamaíche tobainne a d'eascair as paindéim COVID-19.** Ba cheart do chláir an bheartais comhtháthaithe, agus go háirithe CSE+, leanúint de rannchuidiú le cur chun feidhme phrionsabail an Cholúin agus na Moltaí Tírshonracha arna sainaithint laistigh den Seimeastar, i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, chun tacú le bearta agus le hinfheistíochtaí, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha na hEorpa. Tháinig méadú ar thábhacht chistí an bheartais comhtháthaithe le himeacht ama freisin mar gheall ar threocht laghdaitheach na n-infheistíochtaí poiblí san Aontas idir 2008-2019[48]. Bunaithe ar réamh-mheastacháin an Choimisiúin, cruthófar 1.3 milliún post breise le timthriall 2021-2027 faoi 2027, le ráta toraidh bliantúil de thart ar 3.4 % thar 25 bliana ó thús na clárthréimhse aici chomh maith le héifeachtaí seach-iarmharta dearfacha suntasacha ar fud réigiúin an Aontais[49]. Le linn phaindéim COVID-19, bhain na Ballstáit tairbhe as solúbthacht fheabhsaithe a chuidigh le haghaidh a thabhairt ar an mbrú mór ar sheirbhísí cúraim sláinte agus le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí, rud a chuir cosc le tuilleadh caillteanas post agus le díobháil fhadtéarmach d'oibrithe a ndearnadh difear dóibh[50]. Neartaíodh an téarnamh eacnamaíoch a thuilleadh le bunú *SURE* agus *na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta* mar ionstraimí sealadacha de chuid an Aontais, agus rinneadh na hionstraimí sin a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach go dtí 2026 chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí lena rannchuidítear, i measc tosaíochtaí eile de chuid an Aontais, le prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme. Maidir leis an am atá le teacht, agus d'ainneoin an phlé ar an gcaoi ar maoiníodh é[51], d'fhéadfadh taithí *SURE* agus an mheastóireacht leanúnach atá á déanamh air ceachtanna a chur ar fáil maidir le héifeachtacht scéimeanna de chuid an Aontais amach anseo.

---

48 Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le '*an Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050 – an 8ú tuarascáil faoin gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach*', a foilsíodh in 2022.

49 Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le '*Comhtháthú 2021-2027: Aontas níos láidre a chruthú – Tuarascáil maidir leis an toradh ar chlársceidealú an bheartais comhtháthaithe 2021-2027*', a foilsíodh i mí Aibreáin 2023.

50 Tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas agus tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus, a glacadh i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2020, faoi seach.

51 Measann EMCO agus SPC gur ábhar é sásra maoiniúcháin sonrach SURE, trí iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit ar théarmaí fabhracha, do chomhlachtaí ullmhúcháin Ecofin de chuid na Comhairle, thar aon ní eile.

**IARSCRÍBHINN**

## Prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

### Caibidil I – Comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair

**1. Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil**

Tá sé de cheart ag gach duine oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus atá cuimsitheach a fháil, d'fhonn scileanna a choinneáil agus a fháil a chuirfidh ar chumas an duine sin a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus a bheith in ann oiriúnú mar is cuí do mhargadh an tsaothair.

**2. An comhionannas inscne**

Ní mór cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir mná agus fir a áirithiú agus a chothú i ngach réimse, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus dul chun cinn sa ghairmréim.

Tá an ceart ag mná agus fir pá comhionann a fháil as obair chomhionann.

**3. Comhionannas deiseanna**

Gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, tá an ceart ag gach duine cóir chomhionann agus comhionannas deiseanna a fháil maidir le fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal. Cothófar comhionannas deiseanna na ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht.

**4. Tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht**

Tá sé de cheart ag gach duine cúnamh tráthúil saincheaptha a fháil chun deiseanna fostaíochta nó féinfhostaíochta a fheabhsú. Cuimsíonn sin an ceart chun tacaíocht a fháil don chuardach fostaíochta, don oiliúint agus don athcháiliú. Tá sé de cheart ag gach duine teidlíochtaí cosanta sóisialta agus oiliúna a aistriú le linn aistrithe gairmiúla.

Tá sé de cheart ag daoine óga oideachas leanúnach, printíseacht, tréimhse oiliúna nó tairiscint poist mhaith a fháil laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh an t-oideachas a fhágáil.

Tá sé de cheart ag daoine atá dífhostaithe tacaíocht phearsantaithe, leanúnach agus chomhsheasmhach a fháil. Tá sé de cheart ag daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach measúnú aonair cuimsitheach a dhéanamh tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe.

## Caibidil II – Dálaí córa oibre

### 5. Fostaíocht shlán inoiriúnaithe

Tá an ceart ag oibrithe cóir chothrom agus chomhionann a fháil i dtaca le dálaí oibre, rochtain ar chosaint shóisialta agus oiliúint, gan beann ar an gcineál caidrimh fostaíochta atá acu agus ar an bhfad atá an caidreamh sin ar bun. Cothófar an t-aistriú chuig cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo.

I gcomhréir leis an reachtaíocht agus le comhaontuithe comhchoiteanna, áiritheofar an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun dul in oiriúint go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch.

Cothófar cineálacha nuálacha oibre lena n-áirithítear dálaí oibre ar ardcháilíocht. Spreagfar fiontraíocht agus féinfhostaíocht. Déanfar soghluaisteacht ghairmiúil a éascú.

Ba cheart caidrimh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre forbhásacha a chosc, lena n-áirítear trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a thoirmeasc. Ba cheart fad réasúnach a bheith in aon tréimhse phromhaidh.

### 6. Pá

Tá an ceart ag oibrithe pá cothrom a fháil a fhágann gur féidir leo caighdeán cuibhiúil maireachtála a bheith acu.

Áiritheofar pá íosta leordhóthanach, ar bhealach a fhágann go ndéanfar riachtanais an oibrí agus a theaghlaigh a shásamh i bhfianaise dálaí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta, agus cosnófar rochtain ar fhostaíocht agus dreasachtaí chun obair a lorg ag an am céanna. Cuirfear cosc ar bhochtaineacht lucht oibre.

Socrófar gach pá ar bhealach trédhearcach intuartha de réir na gcleachtas náisiúnta agus urraim á tabhairt do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

**7. Faisnéis faoi dhálaí fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe**

Tá sé de cheart ag oibrithe go gcuirfí ar an eolas i scríbhinn iad ag tús na fostaíochta faoi na cearta agus na hoibleagáidí atá acu mar thoradh ar an gcaidreamh fostaíochta, lena n-áirítear maidir le tréimhse phromhaidh.

Roimh aon dífhostú, tá sé de cheart ag oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad faoi na cúiseanna atá leis agus go dtabharfaí tréimhse réasúnach fógra dóibh. Tá an ceart acu rochtain a fháil ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus, i gcás dífhostú gan údar maith, tá an ceart chun sásaimh acu, lena n-áirítear cúiteamh leordhóthanach.

**8. Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe**

Rachfar i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le cleachtais náisiúnta. Spreagfar na comhpháirtithe sóisialta chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú ag an am céanna. I gcás inarb iomchuí, déanfar comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir na comhpháirtithe sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus a Bhallstáit.

Tá sé de cheart ag oibrithe nó ag a n-ionadaithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo in am trátha faoi ábhair atá ábhartha dóibh, go háirithe maidir le gnóthais a aistriú, a athstruchtúrú agus a chumasc agus maidir le comhiomarcaíochtaí.

Spreagfar tacaíocht d’acmhainneacht mhéadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn.

**9. Cothromaíocht oibre is saoil**

Tá sé de cheart ag tuismitheoirí agus ag daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu saoire oiriúnach, socruithe solúbtha oibre agus rochtain ar sheirbhísí cúraim a fháil. Beidh rochtain chomhionann ag mná agus fir ar cheadanna speisialta neamhláithreachta chun a bhfreagrachtaí cúraim a chomhlíonadh agus spreagfar iad chun iad a úsáid ar bhealach cothrom.

**10. Timpeallacht oibre atá sláintiúil, slán agus dea-oiriúnaithe agus cosaint sonraí**

Tá sé de cheart ag oibrithe ardleibhéal cosanta a fháil dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair.

Tá sé de cheart ag oibrithe timpeallacht oibre a bheith acu atá curtha in oiriúint dá riachtanais ghairmiúla agus a chuireann ar a gcumas fad a chur lena rannpháirtíocht i margadh an tsaothair.

Tá sé de cheart ag oibrithe a gcuid sonraí pearsanta a chosaint i gcomhthéacs na fostaíochta.

## Caibidil III – Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta

**11. Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí**

Tá sé de cheart ag leanaí oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne ar ardchaighdeán a fháil.

Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ar an mbochtaineacht. Tá leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i dteideal bearta sonracha chun deiseanna comhionanna a fheabhsú.

**12. Cosaint shóisialta**

Tá an ceart chun cosaint shóisialta leordhóthanach ag oibrithe, agus, faoi choinníollacha inchomparáide, ag daoine féinfhostaithe, gan beann ar an gcineál caidrimh fostaíochta atá acu agus ar an bhfad atá an caidreamh sin ar bun.

**13. Sochair dhífhostaíochta**

Tá sé de cheart ag daoine dífhostaithe tacaíocht ghníomhachtaithe leordhóthanach a fháil ó sheirbhísí poiblí fostaíochta chun críche (ath)lánpháirtiú na ndaoine sin i margadh an tsaothair agus chun sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse réasúnach a fháil, i gcomhréir lena ranníocaíochtaí agus leis na rialacha náisiúnta incháilitheachta. Ní fheidhmeoidh na sochair sin mar dhídhreasacht chun filleadh go tapa ar an obair.

**14. Ioncam íosta**

Tá an ceart ag gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu sochair leordhóthanacha ioncaim íosta a fháil a dhéanfaidh deimhin de go mbeidh saol faoi dhínit acu ag gach céim den saol, agus an ceart chun rochtain éifeachtach ar earraí agus ar sheirbhísí cumasúcháin. I gcás na daoine sin atá in ann obair a dhéanamh, ba cheart sochair ioncaim íosta a chur le chéile le dreasachtaí chun críche (ath)lánpháirtiú na ndaoine sin i margadh an tsaothair.

**15. Ioncam agus pinsin seanaoise**

Tá an ceart ag oibrithe agus ag daoine féinfhostaithe atá ar scor pinsean a fháil atá i gcomhréir lena ranníocaíochtaí agus lena n-áirithítear ioncam leordhóthanach. Beidh comhionannas deiseanna ag mná agus fir chun cearta pinsin a fháil.

Tá sé de cheart ag gach duine sa tseanaois acmhainní a fháil lena gcinntítear go mbeidh saol faoi dhínit acu.

**16. Cúram sláinte**

Tá sé de cheart ag gach duine rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach íceach ar ardchaighdeán

**17. Cuimsiú daoine faoi mhíchumas**

Tá sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas tacaíocht ioncaim a fháil lena ligtear dóibh maireachtáil le dínit, seirbhísí a bheith acu lena ligtear dóibh páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus sa tsochaí, agus timpeallacht oibre a bheith acu atá curtha in oiriúint dá gcuid riachtanas.

**18. Cúram fadtéarmach**

Tá sé de cheart ag gach duine seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh inacmhainne ar ardchaighdeán a fháil, go háirithe cúram baile agus seirbhísí pobalbhunaithe.

**19. Tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean**

Cuirfear rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta ar ardchaighdeán ar fáil dóibh siúd atá i ngátar.

Tá sé de cheart ag daoine leochaileacha cúnamh agus cosaint a bheith acu ar dhíbirt éigeantach.

Cuirfear dídean agus seirbhísí leormhaithe ar fáil do dhaoine gan dídean chun a gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

**20. Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha**

Tá sé de cheart ag gach duine rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha ar ardchaighdeán, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach. Cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh siúd atá i ngátar chun rochtain a fháil ar na seirbhísí sin.

---

19.